RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1302 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Lúnasa 2021

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau i mbaol

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle an 3 Bealtaine 2012 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine-Bissau i mbaol ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Bealtaine 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 377/2012.

(2) Measann an Chomhairle gur cheart beirt a bhaint de liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 377/2012.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Lúnasa 2021

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. DOVŽAN

([1]) IO L 119, 4.5.2012, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 377/2012, scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine a liostaítear thíos:

‘17. An Ceannasaí (Cabhlach) Bion NA TCHONGO (ar a dtugtar freisin Nan Tchongo)

19. An Captaen Paulo SUNSAI.’